Miss America

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi bhean óg a bhuaigh *Miss America*. Sula bhféachfaidh tú ar an tuairisc pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An bhfuil aon chur amach agat ar chomórtas *Miss America*?
Cad a cheapann tú faoi chomórtais áilleachta go ginearálta?
Cén fáth nach bhfuil a leithéid de chomórtas ann do na fir, *Mr America,* mar shampla?
An bhfuil *The Rose of Tralee* níos fearr ná *Miss America* dar leat? Cén fáth?

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc cúpla uair agus déan iarracht an leagan Gaeilge de na focail/frásaí seo thíos a aimsiú inti. Ansin cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

An bhfuil mórán díobh ar eolas agat sula bhféachann tú ar an tuairisc?

1. Irish-American _____
2. she is one of _____
3. to confirm _____
4. press officer _____
5. Croatian and German origin _____
6. it is no wonder _____
7. special interest _____
8. I'm very happy _____
9. achieved a prize _____
10. good news _____
11. achievement _____
12. tour _____

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc arís agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Ansin pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Cén fáth a bhfuil *Miss America 2011* éagsúil ó na buaiteoirí a tháinig roimpi le blianta fada anois?

2. Cad atá ar eolas againn faoi chúlra Teresa?

3. Cén fáth a mbeadh spéis ag muintir Scannláin sa tír seo inti?

4. Cad a dúirt Síle Ní Scannláin?

5. Cad a bheidh idir lámha ag Teresa sna míonna amach romhainn?

Ceist 4 '…sloinne *a roinnt*…'

Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis na focail *i gcló iodálach* thuas? Pléigh iad leis an duine in aice leat. Mura bhfuil sibh cinnte cabhróidh an teagascóir libh.

Anois críochnaigh na habairtí thíos. Beidh ort an focal idir lúibíní a athrú.

1. Tá mo chuid gruaige rófhada agus caithfear í a _____. (gearr)
2. Chaill Seán eochair an tí agus bhí air an fhuinneog a _____ chun dul isteach. (bris)
3. Tá mé ag dul chuig cóisir an tseachtain seo chugainn agus beidh orm bronntanas deas a _____. (ceannaigh)
4. Bhí ar an bhainisteoir an siopa a _____ de bharr na droch-aimsire. (dún)
5. Tá siad chun pictiúrlann nua a _____ i lár na cathrach. (tóg)

Ceist 5 Líon na bearnaí sa script leis an fhoirm cheart den uimhir.

Níl Teresa Scanlan ach (17) _____ d'aois agus is í an duine is óige í a bhuaigh *Miss America* le (74) _____ bliain. Tá cónaí ar Teresa in Gering in Iarthar Nebraska sna Stáit Aontaithe. Tá sí ar dhuine d'_____ (8) clainne.

Éist leis an mhír arís le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 6 '...camchuairt...'

cam + cuairt = camchuairt

Nuair a chuirtear dhá ainmfhocal le chéile chun focal nua a dhéanamh, cad a tharlaíonn don dara hainmfhocal?

Anois déanaigí iarracht na hainmfhocail thíos a cheangal. Tá an chéad cheann déanta daoibh.

1	cros + bóthar	crosbhóthar
2	téip + taifeadán	
3	mótar + bealach	
4	bun + pointe	
5	fad + fulaingt	
6	pobal + breith	
7	sráid + baile	
8	gar + mac	
9	mion + caint	
10	slad + margadh	

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Ceist 2
1. Irish-American – *Gael-Mheiriceánach*
2. she is one of – *tá sí ar dhuine de*
3. to confirm – *a dheimhniú (deimhnigh)*
4. press officer – *oifigeach preasa (preasoifigeach sa chaighdeán)*
5. Croatian and German origin – *bunadh na Cróite agus na Gearmáine*
6. it is no wonder – *ní hiontas*
7. special interest – *spéis faoi leith*
8. I'm very happy – *tá an-ríméad orm*
9. achieved a prize – *bhain duais amach*
10. good news – *dea-scéala*
11. achievement – *éacht*
12. tour – *camchuairt*

Ceist 3
1. Is í an chéad *Miss Nebraska* riamh í agus is í an duine is óige a bhuaigh *Miss America* le seachtó a ceathair bliain.
2. Níl Teresa Scanlan ach seacht mbliana déag d'aois agus tá cónaí ar Teresa in Gering in Iarthar Nebraska sna Stáit Aontaithe. Tá sí ar dhuine d'ochtar clainne.
3. Tá gaol ag muintir Teresa le muintir Scannláin na hÉireann.
4. Dúirt sí go bhfuil sí an-sásta ar fad sloinne a roinnt le bean a bhuaigh an duais seo agus gur dea-scéala é do mhuintir na hÉireann a bheith bainte le bean a rinne éacht mar seo.
5. Beidh sí ag tabhairt camchuairte ar fud na Stát Aontaithe.

Ceist 4
An t-ainm briathartha atá ann.

1. Tá mo chuid gruaige rófhada agus caithfear í a **ghearradh**.
2. Chaill Seán eochair an tí agus bhí air an fhuinneog a **bhriseadh** chun dul isteach.
3. Tá mé ag dul chuig cóisir an tseachtain seo chugainn agus beidh orm bronntanas deas a **cheannach**.
4. Bhí ar an bhainisteoir an siopa **a dhúnadh** de bharr na droch-aimsire.
5. Tá siad chun pictiúrlann nua a **thógáil** i lár na cathrach.

Ceist 5

Níl Teresa Scanlan ach **seacht mbliana déag** d'aois agus is í an duine is óige í a bhuaigh *Miss America* le **seachtó a ceathair** bliain. Tá cónaí ar Teresa in Gering in Iarthar Nebraska sna Stáit Aontaithe. Tá sí ar dhuine d'**ochtar** clainne.

Ceist 6

Cuirtear séimhiú ar an dara focal.

1	cros + bóthar	crosbhóthar
2	téip + taifeadán	téipthaifeadán
3	mótar + bealach	mótarbhealach
4	bun + pointe	bunphointe
5	fad + fulaingt	fadfhulaingt
6	pobal + breith	pobalbhreith
7	sráid + baile	sráidbhaile
8	gar + mac	garmhac
9	mion + caint	mionchaint
10	slad + margadh	sladmhargadh

Éimear Ní Chonaola

Anois ag fanacht ar an taobh sin den domhan, is í Teresa Scanlan duine de na mná is óige riamh a bhuaigh an comórtas *Miss America*. Is Gael-Mheiriceánach í Teresa Scanlan agus is í an chéad Miss Nebraska í a bhuaigh an comórtas riamh.

Áine Lally

Níl Teresa Scanlan ach seacht mbliana déag d'aois agus is í an duine is óige í a bhuaigh *Miss America* le seachtó a ceathair bliain. Tá cónaí ar Teresa in Gering in Iarthar Nebraska sna Stáit Aontaithe. Tá sí ar dhuine d'ochtar clainne. Dheimhnigh oifigeach preasa de chuid *Miss America* do Nuacht tg4 inniu gur Gael-Mheiriceánach í Teresa Scanlan ar thaobh a hathar. Ach ní fios go cinnte cén contae a bhfuil bunadh a hathar. Ní de bhunadh na hÉireann amháin í Teresa ach de bhunadh na Cróite agus na Gearmáine freisin. Go deimhin ní hiontas go gcuirfeadh muintir Scannláin anseo in Éirinn spéis faoi leith i gcomórtas *Miss America* na bliana seo.

Síle Ní Scanláin, craoltóir

Bhuel, caithfidh mé a rá go bhfuil an-ríméad orm. Is álainn an rud é sloinne a roinnt le duine a bhain duais mhór mhillteach amach agus is deas an rud é freisin do mhuintir na hÉireann, is cineál dea-scéala é ar bhealach amháin é, go bhfuil gaol againn, nó baint againn le bean a bhain amach . . . a rinne éacht mór millteach.

Áine Lally

Tabharfaidh Teresa camchuairt timpeall[i] Mheiriceá as seo go ceann roinnt míonna[ii] agus cá bhfios nach dtabharfaidh sí cuairt ar an tír seo am éigin chun casadh le cuid de na Scannláin eile b'fhéidir. Áine Lally, Nuacht TG4.

[i] *thimpeall* a deirtear
[ii] *míosa* a deirtear